**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Meastóireacht Scoile Uile
# TUAIRISC

## Gaelscoil Uí Earcáin
## Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
## Uimhir rolla:20220C

**Dáta na cigireachta: 16 Márta 2010**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

## MEASTÓIREACHT SCOILE UILE

Rinneadh meastóireacht scoile uile ar Ghaelscoil Uí Earcáin i Márta, 2010. Dhírigh an mheastóireacht ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla, sa Ghaeilge, sa Mhatamaitic agus sa Dhrámaíocht. Léiríonn an tuairisc seo torthaí na meastóireachta agus déanann sí moltaí i leith tuilleadh forbartha ar obair na scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

## RÉAMHRÁ – COMHTHÉACS AGUS CÚLRA NA SCOILE

Is gaelscoil chomhoideachasúil í Gaelscoil Uí Earcáin atá cláraithe faoi Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge. Tá éiteas caitiliceach inti. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2005 ar láthair shealadach i bhFionnghlas Thiar. Is iad Fionnghlas, Baile Munna, Glasnaíon, Seantraibh agus Baile an Tirialaigh na príomhcheantair as a dtagann daltaí chuig an scoil. Ghnóthaigh an scoil aitheantas buan sa bhliain 2008 agus i Meán Fómhair na bliana sin d'aistrigh an scoil go dtí an suíomh ina bhfuil sí anois ar bhóthar Glas an Éin i bhFionnghlas. Bhíodh scoil mhór bhuachaillí lonnaithe ar an suíomh seo suas go dtí 2007 nuair a dúnadh í. Is é an tOrd de La Salle úinéir an teach scoile agus an suíomh agus tá conradh ag pátrún Ghaelscoil Uí Earcáin leis an Ord an foirgneamh a thógáil ar léas. Toisc go bhfuil aitheantas buan ag an scoil anois íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna nócha a cúig faoin gcéad den chostas léasa.

Tugtar aitheantas do Ghaelscoil Uí Earcáin mar scoil i gceantar faoi mhíbhuntáiste agus tá seirbhísí agus acmhainní breise ar fáil faoin tionscnamh Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).

Léiríonn an tábla thíos eolas ginearálta ar fhoireann na scoile agus ar na daltaí a bhí cláraithe sa scoil nuair a bhí an mheastóireacht ar siúl:

| | Líon |
|---|---|
| Daltaí ar rolla na scoile | 113 |
| Ranganna príomhshrútha sa scoil | 6 |
| Múinteoir(í) ar fhoireann na scoile | 9 |
| Múinteoir(í) ranga príomhshrutha | 6 |
| Múinteoir(í) ag obair i bpoist tacaíochta | 3 |
| Cúntóirí riachtanas speisialta | 2 |

Tá an scoil ag fás bliain ar bhliain agus is é rang a ceathair an rang is sinsirí sa scoil faoi láthair. Bíonn tinreamh mórchuid na ndaltaí go han-mhaith. Déanann an fhoireann agus an bord bainistíochta iarrachtaí inmholta chun dea-thinreamh a chur chun cinn.

## 1. CÁILÍOCHT NA BAINISTÍOCHTA SA SCOIL

### 1.1 Sainspiorad misean nó fís na scoile

Tá sé rianaithe i ráiteas misin na scoile go bhfuil sé mar aidhm ag an scoil tacú le foghlaim agus forbairt tríd an gcaighdeán is airde oideachais trí mheán na Gaeilge a sholáthar do dhaltaí uile na scoile. Toisc go dtagann an chuid is mó de na daltaí chuig an scoil le Béarla amháin, tá moladh faoi leith tuillte ag an bhfoireann as ucht an dua a chaitear le bunú na Gaeilge mar theanga na

scoile. Tá áit lárnach ag an teanga i saol na scoile agus meastar go bhfuil ag éirí leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann atmaisféar dearfach Gaelach a chur i bhfeidhm sa scoil. Eagraíonn an bord ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus do mhuintir na háite freisin. Bíonn éileamh maith ar na ranganna seo agus meastar go bhfuil an Ghaeilge á shóisialú go dearfa i measc phobal na scoile.

### 1.2 An bord bainistíochta

Tá comhdhéanamh an bhoird bhainistíochta de réir nósanna imeachta agus rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bíonn cruinniú ag an mbord ar a laghad uair sa ráithe. Coinnítear miontuairiscí ar na cruinnithe agus cuirtear tuairisc ón bpríomhoide agus tuairisc ón gcisteoir i láthair ag na cruinnithe freisin. Tá polasaithe reachtúla, curaclaim, tréadchúraim agus polasaithe maidir le riarachán na scoile faofa ag an mbord agus á gcur i bhfeidhm go rialta.

Is tosaíocht í don bhord an scoil a bhuanú san fhoirgneamh ina bhfuil sí lonnaithe faoi láthair. Tá athchoiriú leanúnach á déanamh ar an bhfoirgneamh agus bíonn caidreamh rialta maidir le cúrsaí cóiríochta idir an Ord De la Salle, an bord agus an Roinn.

Le linn na meastóireachta luaigh baill an bhoird go raibh siad sásta leis an gcaighdeán oideachais atá á chur ar fáil sa scoil. Is í an aidhm atá acu ná a chinntiú gur áit shona í an scoil ina ndéantar freastal ar riachtanais na ndaltaí ach go háirithe agus ar phobal na scoile i gcoitinne ina dhiaidh sin.

### 1.3 Bainistíocht inscoile

Tá triúr oidí ar an bhfoireann bainistíochta inscoile: an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus oide le post fhreagrach. Tá folúntas ann do bheirt eile ach níl cead faighte ag an scoil na postanna freagrachta seo a líonadh toisc an lánchosc ar phostanna a líonadh sa tseirbhís phoiblí.

Tá príomhoide na scoile ag feidhmiú sa ról ó 2005 nuair a cuireadh an scoil ar bun. Cothaíonn sí atmaisféar sona i measc phobal na scoile agus is mór aici timpeallacht thaitneamhach fhoghlama a chruthú do na daltaí agus don fhoireann. Tá caidreamh an-mhaith idir an príomhoide, an fhoireann, na daltaí, an bord bainistíochta agus na tuismitheoirí agus sonraítear spiorad dearfach timpeall na scoile. Eagraíonn an príomhoide gnóthaí na scoile go héifeachtúil. Déantar cúram oiriúnach de chroinicí na scoile a choimeád go cruinn, néata.

Leagtar síos cúraimí ar leith do mhúinteoirí ag a bhfuil poist fhreagrachta. Baineann na cúraimí seo go ginearálta le gnéithe den churaclam, le dualgais riaracháin agus le dualgais tréadacha. Le linn cruinnithe a tionóladh leis an bhfoireann bhainistíochta inscoile léirigh siad go bhfuil siad toilteanach cabhrú go hiomlán le forbairt na scoile. Cuireann siad tuairisc ar a gcuid oibre ar fáil ag cruinnithe foirne agus soláthraíonn siad tuairisc scríofa gach téarma don bhord bainistíochta.

### 1.4 Bainistíocht an chaidrimh agus na cumarsáide le pobal na scoile

Tá cumann tuismitheoirí, ar a dtugtar Cairde Ghaelscoil Uí Earcáin, gníomhach sa scoil. Níl comhcheangal foirmiúil fós ag an gcumann leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí ach tá iarratas curtha isteach bheith mar bhall den eagraíocht sin.

Léiríonn na tuismitheoirí an-suim in imeachtaí agus dul chun cinn na scoile. Eagraíonn siad gníomhaíochtaí sóisialta go minic do phobal na scoile chun maoiniú a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla. Bíonn cumann na dtuismitheoirí gníomhach ar laethanta spóirt agus ócáidí speisialta sa scoil chomh maith. Mar shampla, thug siad cúnamh praiticiúil nuair a bhí an scoil ag dul i mbun seilbh an fhoirgnimh nua. D’athchóirigh siad na seomraí ranga agus ghlan siad timpeallacht na scoile ar bhonn deonach.

Roinneann an scoil eolas le tuismitheoirí go h-éifeachtúil. Seoltar téacsteachtaireachtaí chucu i gcásanna éigeandála; foilsítear nuachtlitir go tráthrialta agus cuirtear nótaí abhaile go dhá-theangach nuair is gá. Chomh maith le sin, tá clár fógraí faoi leith do thuismitheoirí sa scoil.

Léirigh na tuistí a gcuid sástachta le bainistiú na scoile, leis an teagasc atá á chur ar fáil, agus leis an gcumarsáid idir scoil agus baile. Dúradh go bhfaigheann siad eolas cuí ar dhul chun cinn a bpáistí trí na cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí a eagraítear uair sa bhliain agus trí thuairisc scríofa bhliantúil a chuirtear abhaile.

### 1.5 Bainistíocht daltaí

Bíonn tionól daltaí agus oidí sa scoil gach maidin. Tríd an gcóras seo cothaítear atmaisféar deimhneach, fáilteacht agus leagtar béim ar rialacha na scoile agus ar an gcód iompair. Sna seomraí ranga, breathnaítear comhghaol dearfach idir oidí agus daltaí agus tá atmaisféar foghlama taitneamhach cruthaithe timpeall na scoile. Leagtar béim inmholta ar dhea-iompar agus tá na daltaí le moladh as ucht a ndea-bhéasa agus a n-iarrachtaí chun foghlama.

## 2. CÁILÍOCHT NA PLEANÁLA SA SCOIL

### 2.1 Pleanáil scoile uile agus pleanáil don seomra ranga

Tá dea-obair déanta ag an bhfoireann ar raon polasaithe a ullmhú a bhaineann le riarachán na scoile agus le cur i gcrích an churaclaim. Sa phlean, dírítear ar riachtanais na scoile ina hiomláine agus imlínítear plean gnímh faoi leith do gach scoilbhliain. Déantar cur síos sa phlean gnímh ar na cuspóirí agus tosaíochtaí don bhliain agus déantar iarracht mhaith na pleananna seo a chur i gcrích go dílis.

Eagraítear cruinnithe foirne uair sa mhí agus bíonn cúrsaí pleanála ar chláir ama na gcruinnithe seo. Is iad na tosaíochtaí atá ag an scoil faoi láthair ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair, ar chumarsáid sa scoil agus ar fhorbairt na teicneolaíochta. De réir mar a fhásann an scoil tá sé mar chuid den phlean gnímh athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna curaclaim.

Cuireann na múinteoirí ullmhúchán gearrthéarmach agus fadtréimhseach ar fáil dá gcuid oibre sna seomraí ranga. Sa chleachtas ab fhearr a breathnaíodh, soiléiríodh cuspóirí teagaisc sainiúla faoi shnáitheanna an churaclaim. Moltar an cur chuige seo don fhoireann iomlán. Ullmhaíonn na múinteoirí cuntais mhíosúla ar an dul chun cinn agus coinníonn an príomhoide na taifid in ionad lárnach. Chun na cuntais mhíosúla a sholáthar, cuireann na hoidí tic in aice na míreanna ina a bpleananna gearrthéarmacha atá curtha i gcrích acu. Ansin coinníonn an príomhoide cóipeanna de na pleananna go léir san oifig. Meastar go bhfuil an iomarca páipéarachais ag baint leis an gcóras seo agus moltar athbhreithniú a dhéanamh air.

### 2.2 Polasaí agus nósanna imeachta um chaomhnú daltaí

Cuireadh deimhniú ar fáil, faoi réir Imlitir Bunscoile 0061/2006 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Meán Fómhair 2001). Cuireadh deimhniú ar fáil freisin gur díríodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheorí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha de réir mar a éilíonn na treoirlínte.

## 3. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

### 3.1 Teanga

***An Ghaeilge***

Téann na hoidí i mbun teagasc na Gaeilge go dílis díograiseach agus is inmholta an dul chun cinn atá déanta acu. Tá caighdeán Gaeilge sásúil bainte amach ag formhór na ndaltaí agus an-mhaith i gcás roinnt daoibh. Úsáidtear an Ghaeilge mar theanga theagaisc agus chumarsáide i ngnóthaí laethúla na ranganna. Bunaítear téamaí ar achair spéise is ar riachtanais na ndaltaí féin agus baintear úsáid as na hacmhainní i *Séideán Sí* chun an teanga a chur chun cinn. Spreagtar na daltaí chun an teanga a labhairt i gcomhthéacsanna agus i suímh réalaíocha. Cuirtear lena dtaitneamh agus lena dtuiscint trí amhráin, rainn agus scéalta a úsáid. Dírítear dea-aird ar struchtúir na teanga a theagasc agus cleachtar fíor chumarsáid le linn na ngníomhaíochtaí labhartha. Léiríonn na daltaí tuiscint an-mhaith ar an réimse leathan teanga a bhíonn in úsáid ag oidí.

Tá go leor prionta sa timpeallacht agus múintear an léitheoireacht go céimniúil tríd an scoil. Tá réimse breá téacs ar fáil agus áiseanna breise eagraithe ag na hoidí chun tacú le múineadh na léitheoireachta. Leantar clár grádaithe agus léiríonn na daltaí tuiscint sásúil ar ábhar na dtéacsanna. Sna bunranganna baintear úsáid as luaschártaí, cairteacha léitheoireachta agus cluichí léitheoireachta chun cleachtadh a thabhairt do na daltaí ar stór focal agus ar abairtí beaga a léamh. Coimeádann gach dalta liosta de na leabhair atá léite acu, ach b'fhiú córas taifeadta lárnach a chur ar bun i ngach rang ionas go mbeidh eolas ag an oide faoi na leabhair atá léite ag na daltaí sa rang.

Cuirtear ar chumas na ndaltaí bunscileanna na scríbhneoireachta a fhorbairt freisin. Sna bunranganna, bunaítear obair scríbhneoireachta ar ábhar an chomhrá agus ar ábhar na léitheoireachta agus bíonn nuacht shimplí agus scéalta beaga á scríobh ag daltaí. Sna meán ranganna tugtar cleachtadh cuí do na daltaí san obair scríofa, idir fheidhmiúil agus chruthaitheach, agus is spéisiúil torthaí a n-iarrachtaí.

***English***

The quality of teaching and learning in English is generally good. In infants and junior classes, particular emphasis is placed on pupils' oral language development. Traditional rhymes, poems, stories and large-format books are used appropriately as starting points for talk and discussion. Pupils at all levels are questioned effectively and encouraged to retell stories and events from different perspectives as an aid to developing comprehension and higher-order thinking skills. Pupils are exposed to a range of age-appropriate poetry in English at each class level.

Reading materials are carefully chosen to match abilities and to foster confidence and competence. A suitable stock of books is available in every classroom and teachers plan effectively for the development of reading in their planning notes. A systematic whole-school approach is taken to teaching phonics. The *Reading Recovery Programme* is delivered effectively with very good outcomes for individual pupils. The staff has plans to introduce a Literacy Lift-off initiative in the school. This will involve the learning-support teachers and class teachers working co-operatively in a team-teaching approach during English lessons in classrooms. The school is urged to implement these plans as soon as possible.

The active engagement of parents and members of the wider community in reading is promoted and the school is involved in a One Finglas, One Book initiative whereby parents and adults in the community are encouraged to read and share ideas about a particular book.

Pupils in all classes experience a print-rich learning environment and they are provided with many opportunities to write freely about their ideas and experiences. Their written work is carefully monitored and teachers appropriately scaffold pupils' efforts when necessary. The school is involved in the *First Steps Writing Programme*. Samples of writing in different genres were evaluated and the standard was generally satisfactory. It is recommended that pupils' written work should normally be kept in their copybooks and less reliance on worksheets and individual pages for writing is recommended.

### 3.2 Matamaitic

Ar an iomlán, baineann na daltaí caighdéan sásúil amach sa Mhatamaitic agus léiríonn formhór daoibh tuiscint mhaith ar na coincheapa cuí. Tá dhá chlár do mhúineadh na matamaitice i bhfeidhm sa scoil – *Maths Recovery* agus *Ready, Set, Go Maths.* Céimnítear an clár teagaisc go hoiriúnach ó rang go rang. Baintear úsáid thuisceanach as léaráidí agus téacsleabhair le linn na gceachtanna. Cleachtar obair ó bhéal go rialta chun brí a cheangal leis an bhfoghlaim. Baintear úsáid as modhanna gníomhaíochta foghlama agus as cluichí matamaitice i roinnt ranganna. Cláraíonn na daltaí an obair scríofa go cúramach. Déantar an measúnú trí dhírbhreathnú an mhúinteora, trí scrúdaithe caighdeánaithe, trí theisteanna féin-deartha agus trí cheartú rialta ar shaothar na ndaltaí.

### 3.3 Drámaíocht

Tá plean scoile don drámaíocht leagtha amach a thugann treoir don fhoireann curaclam na drámaíochta a chur i bhfeidhm. I bpleananna na n-oidí, déantar soláthar do leithead agus do chothromaíocht idir snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim. Sna gníomhaíochtaí drámaíochta a breathnaíodh, baineadh úsáid chliste as an scéalaíocht mar spreagadh chun cumas daltaí a fhorbairt ar fheidhmiú i ról. Forbraítear scileanna comhoibrithe na ndaltaí go hoiriúnach le linn na ngníomhaíochtaí agus cothaítear a gcuid rannpháirtíochta le linn plé agus ceistithe chun carachtair a thuiscint. Is breá an áis í halla fairsing na scoile don drámaíocht agus baintear leas iomlán aisti chun ceachtanna a sholáthar. Déantar nascadh cruthaitheach idir gnéithe faoi leith d'oideachas ealaíon agus an drámaíocht.

### 3.4 Measúnú

Tá stráitéisí measúnaithe oiriúnacha leagtha amach sa phlean scoile agus tá siad á gcur i bhfeidhm go rialta sna ranganna. Baintear feidhm as ceistiúchán, dírbhreathnú an mhúinteora, scrúdaithe sa litriú agus straitéisí neamhfhoirmiúla eile chun caighdeán foghlama daltaí a mheas. Mar aon le sin, déantar measúnú rialta in ábhair éagsúla trí scrúdaithe scoilbhunaithe agus trialacha caighdeánacha a úsáid. Déantar monatóireacht chúramach ar chóipleabhair agus ar obair scríofa na ndaltaí sna ranganna uile. Maidir le daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, déantar trialacha diagnóiseacha orthu go luath chun na deacrachtaí ar leith a aithint. Cláraítear dul chun cinn na ndaltaí ag deireadh na bliana agus seoltar tuairisc chuí go gairmiúil chuig tuismitheoirí. Coimeádtar cóip de na tuairiscí seo sa scoil.

## 4. CÁILÍOCHT NA TACAÍOCHTA DO DHALTAÍ

### 4.1 Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Déantar soláthar éifeachtach do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu sa litearthacht agus san uimhearthacht. Tá triúr oidí ag gabháil d'oideachas speisialta sa scoil, beirt oidí tacaíochta

foghlama teanga agus duine ag soláthar tacaíocht sa Mhatamaitic. Tá an teagasc tacaíochta bunaithe ar an gcur chuige céimniúil. Leagtar spriocanna foghlama soiléire amach sna pleananna oibre aonair do dhaltaí ar leith agus cláraítear dul chun cinn na foghlama go rialta. Déantar athbhreithniú ar spriocanna foghlama na ndaltaí mar is cuí ó am go ham. Bíonn teagmháil agus plé neamhfhoirmiúil idir na múinteoirí tacaíochta agus na múinteoirí príomhshrutha ar bhonn rialta. Coimeádtar na tuismitheoirí ar an eolas maidir le dul chun cinn daltaí agus maidir le slite chun breis cabhrach a thabhairt dóibh sa bhaile. Moltar oscailteacht na cumarsáide a sonraítear idir an fhoireann tacaíochta agus na múinteoirí i ranganna príomhshrutha agus idir an fhoireann agus na tuismitheoirí.

### 4.2 Tacaíochtaí eile do dhaltaí: iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste agus daltaí ó ghrúpaí mionlaigh nó grúpaí eile

Glacann an scoil páirt i mBanda 1 den chlár tacaíochta scoile chun Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Soláthraítear acmhainní airgeadais agus pearsanra chun tionchar míbhuntáistí oideachasúla a laghdú. I measc na tionscnaimh atá maoinithe sa scoil tá ranganna snámh agus rince do dhalta, tá leabhair bhreise curtha ar fáil agus tugtar fóirdheontas chun daltaí a thógáil ar turais scoile. Feidhmíonn comhordaitheoir idirchaidrimh baile/scoile/pobail sa scoil le haghaidh lá amháin gach seachtain. Eagraítear cúrsaí Gaeilge do thuismitheoirí tríd an tseirbhís seo agus déantar freastal maith ar na ranganna. I dteannta sin, comhoibríonn an scoil le comhordaiteoirí scoil/baile/pobail eile i bhFionnghlas chun tionscnaimh chomónta a eagrú i scoileanna an cheantair.

## 5. ACHOIMRE AR THORTHAÍ AGUS AR MHOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE

Is iad seo a leanas na láidreachtaí a aithníodh sa mheastóireacht:

- Tá atmaisféar an-dearfach idir múinteoirí, daltaí agus an fhoireann le sonrú sa scoil.
- Tá dúthracht agus éifeacht an bhoird bainistíochta le moladh.
- Oibríonn an príomhoide go fíórdhíograiseach i gcomhlíonadh a cuid dualgais agus tugann sí ceannaireacht soiléir agus cabhrach don fhoireann agus do phobal na scoile.
- Tá tuismitheoirí na scoile le moladh as an gcúnamh agus an tacaíocht airgid agus praiticiúil a thugann siad don scoil.
- Léiríonn na múinteoirí an-suim i bhforbairt na scoile agus comhoibríonn siad go héifeachtach mar fhoireann.
- Tugtar togha na haire do chothú na Gaeilge sa scoil.
- Tá na daltaí le moladh as ucht a ndea-bhéasa agus a n-iarrachtaí chun foghlama.

Mar bhealach le tógáil ar na láidreachtaí seo agus chun dul i gceann réimsí le haghaidh forbartha, tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh:

- The development of the process approach to writing in English should be commenced at an earlier stage and copybooks rather than worksheets should be used more systematically to record pupils' efforts.
- Moltar don fhoireann teimpléad nua a eagrú chun dul chun cinn míosúil sna ranganna a chlárú.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bhfoireann agus leis an mbord bainisíochta mar a ndearnadh na dréacht-thorthaí agus moltaí na meastóireachta a chur i láthair agus a phlé.

*Foilsithe Feabhra 2011*

## Aguisín

# Freagra na scoile ar an Tuairisc

## Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Is mian leis an mBord Bainistíochta buíochas a chur in iúl do na cigirí as an gcur chuige gairmiúil a léiríodar agus iad i mbun an Mheastóireacht Uile-Scoile, agus as tuairisc chuimsitheach a ullmhú a thugann léargas cruinn agus dearfach ar an dea-obair atá curtha i gcrích ag Príomhoide, Foireann, Tuimitheoirí/Caomhnóirí agus ag pobal na scoile ó d'oscail Gaelscoil Uí Earcáin don chéad uair i Meán Fómhair 2005, a leiríonn tuiscint doimhin ar shainchúinsí na scoile, agus a dhéanann moltaí cuidithecha don todhchaí.

Fáiltímid roimh aitheantas na gcigirí do láidreachtaí na scoile – aitheantas don dea-thoradh ar obair na foirne maidir le cothú agus cur chun cinn na Gaeilge ach go háirithe. Tá na láidreachtaí aitheanta sin bunaithe ar an bhfís atá ann don scoil, fís atá mar bhunús don sár-obair atá á chur i gcrích go leanúnach in ainm na scoile ag pobal uile Ghaelscoil Uí Earcáin

Cúis bhróid don scoil an tuairisc moltach, dearfach maidir leis an scoil atá curtha faoi bhráid an Bhoird.

Maidir leis an moladh faoi *Alt 5 – Achoimre ar thorthaí agus ar mholtaí d'fhorbairt bhreise*, urchar 1, déantar na scileanna réamh-léitheoireachta a fhorbairt trí phríomhtheanga na scoile, i. An Ghaeilge, ar an ngnathchaoi. Tá na scileanna réamh-léitheoireachta a fhoghlaimíonn na daltaí i rang na naíonáin bheaga agus ar aghaidh tras-churtha idir an Ghaeilge agus an Bhéarla. Glactar leis an moladh go n-úsáidfear cóipleabhair na ndaltaí in ionad leathanaigh oibre chun obair na bpaistí a thaifead.

**Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

Glactar leis an moladh faoi *Alt 5 – Achoimre ar thorthaí agus ar mholtaí d'fhorbairt bhreise*, urchar 1, go n-úsáidfear cóipleabhair na ndaltaí in ionad leathanaigh oibre chun obair na bpaistí a thaifead agus tá córas dá réir i bhfeidhm anois.

Maidir leis an moladh faoi *Alt 5 – Achoimre ar thorthaí agus ar mholtaí d'fhorbairt bhreise*, urchar 2, go n-eagródh foireann na scoile teimpléad chun dul chun cinn míosúil sna ranganna a chlárú, tá córas i bhfeidhm anois trína n-ullmhaíonn gach ball den fhoireann teagaisc pleananna coicisiúla agus míosúla, in éineacht leis na cuntais míosúla go leictreonach. Cuirtear na cáipéisí seo faoi bhráid an Phríomhoide tríd an gcóras r-phoist lena faomhadh.

**Fás agus Forbairt i nGaelscoil Uí Earcáin**

Ó cuireadh an mheastóireacht scoile uile (MSU) i gcrích tá fás agus forbairt tagtha ar an scoil. Léiríonn an tábla thíos eolas chun dáta ar fhoireann na scoile agus ar na daltaí a bhí cláraithe sa scoil i mí Mheán Fómhair 2010:

| | **Márta 2010** | **Meán Fómhair 2010** |
|---|---:|---:|
| Daltaí ar rolla na scoile | 113 | 143 |
| Ranganna príomhshrutha sa scoil | 6 | 7 |
| Múinteoir(í) ar fhoireann na scoile | 9 | 10 |
| Múinteoir(í) ranga príomhshrutha | 6 | 7 |
| Múinteoir(í) ag obair i bpoist tacaíochta | 3 | 4 |
| Cúntóir(í) riachtanais speisialta | 2 | 3 |

Tá an clár *Literacy Lift-off* curtha i bhfeidhm i mbliana do dhaltaí ranganna 1. Cuimsíonn an clár seo comhoibriú ar bhonn múineadh foirne idir na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíocht foghlama. Leagtar an-bhéim ar chomhoibriú i measc na foirne i gcoitinne sa scoil ar mhaithe leis an dea-chleachtas a chur chun cinn chun leas na bpáistí.

Léiríonn an fhoireann teagaisc spéis sna deiseanna forbartha ghairmiúla faoin gclár DEIS, maraon le spéis i gcur lena gcáilíochtaí go foirmeálta trí chúrsaí tríú leibhéil. Táthar ag súil leis na cláracha seo leanas a sholáthar sa scoil go luath:

- First-Steps Reading;
- First-Steps Listening and Speaking;
- Incredible years.